# Gaelscoil na Camóige

## Nuachtlitir, 24 Márta, 2021

| | |
|---|---|
| **Laethanta Saoire/ Easter Break** | Beidh Briseadh na Cásca againn ón Luan, an 29 Márta go dtí an 9 Aibreán, (san áireamh).<br><br>Críochnóidh Naíonáin Bheaga agus Naíonáin Mhóra ag 11:30, Rang 1 agus Rang 4 ag 11:45 agus críochnóidh Rang 2, Rang 3, Rang 3, Rang 5 agus Rang 6 ag a 12:00 ar an Aoine seo. Beimid ar ais ar an Luan, an 12 Aibreán 2021.<br><br>*We have our Easter Break from March 29th – April 9th (inclusive).*<br><br>*Junior and Senior Infants will finish at 11.30am, Rang 1 & Rang 4 will finish at 11:45 and Rang 2, Rang 3, Rang 3, Rang 5 and Rang 6 will finish at 12:00 this Friday. The school will reopen on Monday, April 12th 2021.* |
| **Plean Lóistíochtúíl/ Logistical Plan** | Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil libh go léir as bhur gcomhoibriú agus bhur dtacaíocht de agus an scoil athoscailte anois.Ó thús na maidine, ag an ngeata, go deireadh an lae, tá tuismitheoirí, caomhóirí agus seantuistí ag cuidiú go mór linn, tré masc a chaitheamh agus an córas ata i bhfeidhm a leanúint. Tá comhphobail na scoile an-shásta bheith oscailte arís.<br><br>Ná déanaigí dearmad de foirm a líonadh tríd Aladdin, gach uair atá do pháiste as láthair. Tá seo riachtanach.<br><br>*A huge thank you to all parents, grandparents and guardians for their co-operation and support since we re-opened. From early morning at the front gate, to the end of the day, the support has been fantastic. By following our procedures, wearing a mask, adhering to the correct opening times, and keeping a distance, you are all helping to keep Gaelscoil na Camóige open. This support is very much appreciated.*<br><br>*Please remember to submit the Declaration form on Aladdin after every absence your child may have.* |
| **Scoil Rothaíochta R5** | Beidh an ceacht deireanach de rothaíocht ag Rang 5 ar an Luan 12 Aibreán. Bhain na páistí an-sult as na ceachtanna agus dúradh linn go raibh na páistí béasach agus dea-mhúinte an t-am ar fad, maith sibh!<br><br>*The last Cycling Lesson for 5th Class will take place on Monday 12th April. The children had a great time and enjoyed the lessons. I was also told that they were exceptionally well-behaved and were a pleasure to teach! Maith sibh!* |

| | |
|---|---|
| **Rang 3** | Beidh micléinn ón Institiúid Oideachais Marino, i mbun Socrucháin Scoile le Rang 3, Múinteoir Sandra, ar feadh 3 seachtaine, ag tosnú ar 12 Aibreán. Beidh Holly Ní Cheallaigh ag oibriú in éineacht le Múinteoir Sandra agus táim cinnte de go mbainfidh na páistí taitneamh as an tréimhse seo lei.<br><br>*A student from the Marino Institute of Education will be undertaking School Placement with Rang 3, Múinteoir Sandra's class. Holly Ní Cheallaigh will spend 3 weeks, from 12th April, teaching alongside Múinteoir Sandra. I'm sure that the children will enjoy learning along with Holly.* |
| **Seachtain na Gaeilge** | Bhí Seachtain na Gaeilge den scoth againn i mbliana. Bhí an méid sin imeachtaí iontacha eagraithe againn agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Múinteoir Sandra agus an Coiste Gaeilge, a d'eagraigh go leor imeachtaí dúinn i mbliana. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Cairde freisin, a chabhraigh leis an seachtain. Bhí go leor obair i gceist agus bhain na páistí an méid sin taitneamh as gach rud a bhí eagraithe. Is leatsa í!<br><br>*We had a wonderful Seachtain na Gaeilge this year that was action packed throughout the week. There were plenty of activities organised and I would like to thank Múinteoir Sandra and the Coiste Gaeilge, who organised so many events and visitors for the school. I would also like to thank Cairde who, as always, were a great support during the week. There was a huge amount of work involved in organising all the events, which were thoroughly enjoyed by the children. "Is leatsa í!"* |
| **Spórt** | Beidh Rugbaí ag tosnú ar an bhféar do ranganna 4,5 agus 6 le Robert Mullen ó Leinster Rugby. Beidh Robert linn ar feadh 4 seachtaine agus tá súil agam go mbainfidh na páistí sult as.<br><br>*Rugby lessons will begin for 4th, 5th and 6th Classes with Robert Mullen from Leinster Rugby! The past 2 school closures have delayed the rugby lessons, so we are delighted that Robert is available to start and will be with us for 4 weeks.* |

| | |
|---|---|
| **Sábháilteacht ar líne/ Online Safety** | Sa ré nua theicneolaíochta, i dteannta le Covid 19, tá na páistí ag caitheamh níos mó ama ar líne. Tá sé riachtanach go bhfuileadar sábháilte ar líne, go dtuigeann siad an dainséar, go mbaineann siad taitneamh as an dteicneolaíocht agus go bhfuil a fhios acu conas iad féin a choinneáil slán. Mar sin, beidh Barnardos ag déanamh ceachtanna le R3, R4, R5 agus R6 ar Zoom ar Déardaoin 22 agus Aoine 23 Aibreán.<br><br>*In this age of technology, with the added problem of Covid19, our children are spending more and more time online. It is essential that they are safe online, that they understand the dangers, that they enjoy technology and that they have the knowledge and skills to keep themselves safe online.*<br><br>*Therefore, Barnardos will be doing online safety lessons on Zoom with 3rd,4th, 5th and 6th Classes on Thursday 22nd April and Friday 23rd April.* |
| **Bille Scoile** | Tá sé fíor-thábhachtach go n-íocfar as an mbille scoile. Is féidir é a íoc tríd Aladdin. Ba é 27 Samhain an dáta deiridh an bille a íoc. Íoctar as Seachtain na Gaeilge, árachas do pháiste, fearas agus gníomhaíochtaí éagsúla sa bhille. Má tá deacrachtaí nó buairt ann maidir leis an mbille a íoc, téigh i dteagmháil leis an oifig go príobháideach ar gncamoige@gmail.com.<br><br>*It is essential that the school bill is paid for your child. The final date for payment was 27th November 2020. Items such as Seachtain na Gaeilge activities, visitors, your child's insurance, supplies and all activities throughout the year is paid for through payment of the School Bill. Payment is made through Aladdin.*<br><br>*If there are any financial difficulties or worries, please contact the office, in confidence, gncamoige@gmail.com.* |
| **Readathon!**<br><br>**Read to Succeed!** | Is cúis áthais dom go bhfuil an Múinteoir Gáibhín taréis tús a chur le Dúshlán Léitheoireachta do pháistí R2-R6. Táimid ag tnúth go mór leis an dúshlán seo agus ag súil le go leor léitheoireacht!<br><br>An tseachtain seo, mhínigh Múinteoir Gáibhín do pháistí R2-R6 an Dúshlán Léitheoireachta . Sa cheacht, d'fhoghlaim siad conas logáil isteach. Fuair siad bileog eolas don dúshlán Tá na treoracha chun logáil isteach sa doiciméad sin. Cheanna féin, tá páistí tar éis tús a chur le taifead a dhéanamh ar a gcuid léitheoireachta! Tá sé roghnach, ach is bealach iontach í an club leabhair mór, digiteach seo chun iad a spreagadh chun níos mó léithoireachta a dhéanamh agus is gné iontach í an tráth na gceist chun iad a spreagadh ar bhealach gníomhach. Má tá aon cheist agat, seol ríomhphoist chuig Múinteoir Gáibhín ar gavin6g@gmail.com. |

Beidh duaiseanna ag deireadh na scoilbhliain dóibh siúd a ghlac páirt, mar sin, spreag do pháiste le bhur dtola! Tá altanna gairid le léamh in áit leabhair iomlána, ar na suíomhanna, dóibh siúd a bhíonn spreagadh ag teastáil. Tá topaicí ann do gach duine.

A thuistí, bígí aireach go bhfuil réimse leathan léitheoireachta ar fáil do pháistí ar readworks.org agus newslea.com. Níl na hábhair eagraithe de réir aois/rang na bpáistí. Mar sin, déanaigí cinnte de go bhfuil do phaiste ag roghnú píosa léitheoireachta atá oiriúnach dóibh. Tá neart leabhair ar fáil sa leabharlann AR, atá dírithe ar chumas agus aois do pháiste. Tá súil againn Dúshlán Léitheoireachta as Gaeilge a thosnú an bhliain seo chugainn chomh maith! Leanaigí ag léamh!

*I am delighted that Múinteoir Gáibhín has launched an exciting new challenge for the children in R2- R6. A fantastic Readathon Challenge has begun and we are very excited and looking forward to lots of reading!*

*This week the children in R2 to R6 have had the Readathon Challenge explained to them. This included a walk-through on logging in. They have each received an information page for the challenge. The directions for logging in are in that document. Already, children have started recording their reading. It is optional, but this giant, digital book club is a great way to inspire them to read more and the quiz element is a great feature to promote active reading. If you have any questions, email Múinteoir Gáibhín at gavin6g@gmail.com.*

*There will be prizes at the end of the school year for all readers- so please encourage your child to join in! The websites which the children can access have short articles to read, rather than full books, which might encourage the reluctant reader. There is something for everyone, with lots of different topics to choose from.*

*Parents, please be aware that readworks.org and newslea.com are the websites which have been introduced to the children. It is essential that parents monitor their child's reading. There is a wide range of reading material on the websites, designed for children, however, they are not categorized by class/age. Therefore, be mindful that your child chooses books or articles appropriate for their age. Of course, the books in our AR library are also available to read, which are differentiated for your child's ability and age. We hope to introduce an Irish Readathon in September also! Happy Reading!*

*Is mise le meas,*

*Aoife Ní Raghallaigh*

*Príomhoide*